ELeathanach104

Dé Luain 20 Feabhra 2012

Fear ina charr ar feadh 2 mhí

Sa tSualainn roimh an Nollaig bhí fear ag tiomáint a chairr. Thiomáin sé isteach sa sneachta agus ní raibh sé in ann éalú óna charr.

Bhí air fanacht ina charr ar feadh dhá mhí. Ní raibh aon bhia aige. Tá an fear 45 bliain d'aois. Ní raibh sé in ann na doirse a oscailt de bharr an tsneachta ar fad.

Tá sé san ospidéal anois. Tá súil againn go dtiocfaidh biseach air go luath.

Whitney Heuston (1963-2012)

Fuair an t-amhránaí Whitney Heuston bás ar an 11 Feabhra 2012. Bhí an tsochraid ar siúl Dé Sathairn.

B'amhránaí iontach í Whitney. Dhíol sí níos mó ná 170 milliún albam. Tá an-cháil uirthi. Chan sí an t-amhrán cáiliúil 'I will always love you.'

B'aisteoir í freisin. Bhí sí sa scannán 'The Bodyguard' in éineacht le Kevin Costner. Bhí an scannán seo sa phictiúrlann sa bhliain 1992. Tá brón ar a lán daoine ar fud an domhain anois mar gheall ar a bás.

Ar dheis Dé go raibh a hanam dílis.



Liverpool 6 Brighton 1

D'imir Liverpool in aghaidh Brighton Dé Domhnaigh. Bhuaigh Liverpool an cluiche 6 -1. Bhí an cluiche sacair ar siúl in Anfield.

Scóráil Kazenga LuaLua an t-aon chúl a fuair Brighton. Scóráil Brighton trí fhéinchúl sa chluiche. Bhí an-áthas ar an mbainisteoir Kenny Dalglish gur bhuaigh Liverpool an cluiche tábhachtach seo.

Justin Bieber

Bhí an fhís ón amhrán 'Baby' le Justin Bieber ar youtube den chéad uair dhá bhliain ó shin - 19 Feabhra 2010.

Labhair Justin Bieber mar gheall ar an bhfís seo ar Twitter inné. Laistigh de bhliain bhreathnaigh breis agus 400 milliún duine ar an bhfís ar youtube.

Tá an-cháil ar an amhránaí óg seo agus tá ag éirí go hiontach leis.

Ná déan dearmad ar an gcomórtas!

Is féidir leat píosa beag a scríobh don E-Leathanach agus é a sheoladh chuig elch@froebel.ie. Caithfidh na hiarratais a bheith istigh roimh an 17 Márta 2012. Tá an t-eolas go léir ar E-Leathanach 100!

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

ELeathanach Choláiste Oideachais Froebel, Sion Hill, An Charraig Dhubh, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.